**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ostair) a taisceadh an 26 Eanáir 2022 – BF v Versicherungsanstalt öffentlich Bediensteter, Eisenbahnen und Bergbau**

**(Cás C-52/22)**

(2022/C 158/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir*: BF

*An tÚdarás is Freagróir*: Versicherungsanstalt öffentlich Bediensteter, Eisenbahnen und Bergbau

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Airteagal 2(1) agus 2(2)(a) agus Airteagal 6(1) de Threoir 2000/78/CE [1] agus na prionsabail maidir le deimhneacht dhlíthiúil, cosaint do chearta bunaithe agus éifeachtacht dhlí an Aontais le léirmhíniú sa chaoi is go gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta – mar atá i dtrácht sna príomhimeachtaí – faoi nach ndéantar an chéad choigeartú ar phinsean an ghrúpa de Státseirbhísigh a bhí i dteideal pinsean scoir (pinsean iomlán faoin Pensionsgesetz 1965 ["Dlí 1965 maidir le pinsin"]) ar a dhéanaí ón 1 Nollaig 2021 ach amháin le héifeacht ón 1 Eanáir den dara bliain féilire i ndiaidh thús na teidlíochta don phinsean scoir, cé go ndéanfar an chéad choigeartú ar phinsean scoir an ghrúpa de Státseirbhísigh nach raibh nó nach mbeidh i dteideal pinsean scoir (pinsean iomlán faoi Dhlí 1965 maidir le pinsin) ach amháin ón 1 Eanáir 2022, le héifeacht cheana féin ón 1 Eanáir den chéad bhliain féilire i ndiaidh thús na teidlíochta don phinsean scoir?

(1) Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale ordinario di Bologna (an Iodáil), an 7 Feabhra 2022 – BU v Ministero dell'Interno, Dipartimento per le Libertà civili e l'Immigrazione – Unità Dublino**

**(Cás C-80/22)**

(2022/C 158/09)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale ordinario di Bologna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* BU

*Cosantóir:* Ministero dell'Interno, Dipartimento per le Libertà civili e l'Immigrazione – Unità Dublino

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Cad iad na hiarmhairtí dlíthiúla a fhoráiltear le dlí an Aontais Eorpaigh i gcás sárú ag an mballstát iarrthach i gcomhthéacs nós imeachta um athligean isteach faoi Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 [1] ar an oibleagáid maidir le faisnéis de bhun Airteagal 4 nó ar an oibleagáid i leith agallamh pearsanta a shocrú leis an iarratasóir de bhun Airteagal 5 den Rialachán céanna, agus, go háirithe, an bhfuil Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 604/2013 le léirmhíniú:

   — sa chiall, mar gheall ar mhainneachtain i leith an bróisiúr faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) a sholáthar do dhuine a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 23 den Rialachán nó mainneachtain i leith agallamh pearsanta a shocrú leis an iarratasóir de bhun Airteagal 5 den Rialachán, go bhfuil an cinneadh aistrithe neamhdhleathach ar bhealach doleigheasta, agus dá bharr sin go gcuirfear freagracht ar an mBallstát iarrthach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta;

   — nó sa mhéid go bhfuil neamhdhleathacht an chinnidh aistrithe faoi réir líomhain agus cruthúnas go mbeadh toradh na n-imeachtaí difriúil dá gcomhlíonfadh údaráis an iarratasóra na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) Uimh. 604 / 2013;

— nó sa chiall nach bhfuil, i gcás ar bith, d'oibleagáid ar údarás an bhallstáit iarrthaigh an fhaisnéis agus na ráthaíochtaí rannpháirtíochta dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 a áirithiú don náisiúnach eachtrach atá faoi réir an nós imeachta aistrithe chuig an mBallstát iarrtha.

2) An bhfuil Airteagal 27(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, le léirmhíniú, ina aonar nó i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar seo a leanas:

— amhail is go bhforchuirtear leis an oibleagáid a áirithiú go bhfaigheadh an náisiúnach eachtrach atá faoi réir nós imeachta aistrithe chuig Ballstát eile na ráthaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán, ós rud é go bhfuil siad ábhartha chun an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil i gcoinne cinneadh aistrithe a chosaint;

— más amhlaidh atá, amhail is go bhfuil dlínse ag an gcúirt ar tugadh iarratas os a comhair ar neamhniú an chinnidh aistrithe de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 fiúntas an chinnidh a athscrúdú faoinar chruthaigh údarás riaracháin an Stáit iarrtha, de bhun na gcritéar dliteanais a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán, a fhreagracht chun chinneadh a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chur isteach ag an iarratasóir?

(1) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, lch. 31).